Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Réamh-Mheasúnú Teicniúil ar na Bearta Faoisimh Tuilte Innealtóireachta

Clár
20

## Bearta Neamh-Inmharthana (nár cuireadh san áireamh i bhForbairt na Roghanna)


**Tugtar mionsonraí ar na bearta ar cinneadh nach raibh siad inmharthana mar chuid den Réamh-Mheasúnú Teicniúil.**

### Muirmhúr Amach ón gCósta

Tá muirmhúr amach ón gcósta saincheaptha chun tonnta a bhriseadh amach ón gcósta, agus ar an gcaoi sin, laghdaítear fuinneamh na dtonnta a shroicheann an cósta agus d'fhéadfadh sé sin an baol i ndáil le scaileogú a laghdú i limistéir áirithe.

Mar sin féin, ní chuireann muirmhúr amach ón gcósta cosc ar thuilte taoide mar go sreabhann an taoide mórthimpeall agus thar an struchtúr i gcónaí.

Limistéar amháin ina bhféadfadh muirmhúr amach ón gcósta bheith ina rogha inmharthana ar bhonn teicniúil mar réiteach aonair logánta chun cosaint in aghaidh scaileogú is ea an limistéar ar feadh Bhóthar Grattan de réir mar a léirítear san íomhá ar dheis.




**Eochair**

Fairsinge tuilte mar gheall ar scaileogú

Fairsinge tuilte taoide

### Inmharthanacht Muirmhúir Amach ón gCósta

**Ní mheastar gur rogha inmharthana é mar gheall ar roinnt cúiseanna:**

- Láthair ainmnithe Eorpach é Cuan na Gaillimhe - Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC). Bheadh tionchair shuntasacha ar an gcomhshaol dá dtógfaí muirmhúr amach ón gcósta.
- Cé go bhféadfaí an baol tuilte a laghdú mar gheall ar an réiteach seo trí ghníomhú tonnta ar an gcósta a theorannú, ní thugtar cosaint in aghaidh tuilte taoide. Bheadh gá fós féin le bearta cosanta tuilte eile i limistéir atá i mbaol tuilte taoide ar mhaithe le caighdeán cosanta na scéime a chomhlíonadh.
- Mar gheall ar an athrú aeráide, méadófar an baol i leith tuilte taoide agus scaileogú, agus dá bhrí sin, ní bheidh muirmhúrtha amach ón gcósta chomh héifeachtach céanna agus ní bheidh siad chomh hinoiriúnaithe céanna dá bharr sin.
- D'fhéadfadh muirmhúrtha amach ón gcósta a bheith ina gcúis le sruthanna láidre a d'fhéadfadh a bheith contúirteach don phobal.

### Athrú ar Fheidhmiú Gheata Baráiste na Cora Bradán

Rialaíonn Baráiste Bualchomhla na Cora Bradán sreabhadh Abhainn na Gaillimhe idir Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe. Déantar feidhmiú gheata an bharáiste a choigeartú go rialta chun sreabhadh an uisce a rialú agus trí sin a dhéanamh, rialaítear leibhéil an uisce suas an abhainn agus síos an abhainn ón mbaráiste.

Coinnítear formhór na ngeataí oscailte le linn mhíonna an gheimhridh mar go mbíonn sé mar aidhm ag an oibritheoir stóráil a chruthú i Loch Coirib chun ullmhú do thuilte a d'fhéadfadh tarlú le linn an gheimhridh. Go hiondúil, dúntar na geataí le linn mhíonna an tsamhraidh chun cuid níos mó den sreabhadh a dhíriú i dtreo chóras na gcanálacha agus leibhéil níos airde uisce a choimeád ann i gcomhair loingseoireachta.

Trí fheidhmiú an bharáiste a athrú, d'fhéadfaí an baol tuilte a laghdú i limistéir ar feadh Abhainn na Gaillimhe, ach ní bhainfeadh sin amháin caighdeán cosanta na scéime amach áfach, agus bheadh bearta breise ag teastáil. Lena chois sin, mar gheall ar athrú a dhéanamh ar leibhéil agus ar shreafaí uisce, d'fhéadfaí tionchair shuntasacha a imirt ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Abhainn na Gaillimhe agus ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta Abhainn na Gaillimhe.

Síos an abhainn ón gcora, tá an limistéar i mbaol tuilte taoide freisin nach féidir a laghdú trí fheidhmiú an bharáiste a athrú



Tagairt íomhá: https://connachttribune.ie/

### Bainistiú Nádúrtha Tuilte (NFM)

Is éard atá i gceist le NFM ná gnéithe beaga logánta den tírdhreach a athrú, a athbhunú nó a úsáid chun an baol tuilte a laghdú.


Déanfar NFM a chur san áireamh mar chuid den straitéis oiriúnaithe don athrú aeráide seachas é a chur san áireamh laistigh den phríomhscéim cosanta tuilte.



### NFM do limistéir atá i mbaol tuilte cósta

I limistéir chósta, is féidir leas a bhaint as NFM chun seasmhacht nádúrtha an chladaigh a mhéadú agus cosaint ar thuilte agus creimeadh a fheabhsú.

Mar gheall ar bhearta NFM, is féidir méid, airde agus sláinte maoláin nádúrtha a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin, fuinneamh na dtonnta a mhaolú. Cineál NFM is ea tionscadail ar nós tionscadal píolótach athbhunaithe na ndumhcha ag Trá Grattan. Cuidíonn sconsaí gainimh le caillteanas gainimh a chosc agus méadú na ndumhcha a chur chun cinn, agus is mar thoradh air sin a dtugtar cosaint don talamh taobh thiar den chladach in aghaidh tonnghníomhú. Mar sin féin, mar gheall ar mhéid an tonnghníomhaithe i limistéir ar feadh Bhóthar na Trá, lena n-áirítear limistéar Bhóthar Grattan, ní mheastar go mbeadh beart NFM, ar nós athbhunú na ndumhcha, inmharthana mar bheart cosanta tuilte aonair. Ní chuirtear an caighdeán cosanta ar fáil atá ag teastáil. Chomh maith leis sin, tá dúshláin lóistíochta i gceist le bearta den chineál seo.




### NFM do limistéir atá i mbaol tuilte abhann

Sna limistéir seo, is féidir leas a bhaint as bearta NFM chun próisis hidreolaíocha ar leith a athrú chun frasaíocht a stóráil ar fud an dobharcheantair, ar tríd sin is féidir an luas agus déine a théann rith báistí agus dríodar isteach sa sruthchúrsa a laghdú. Ní mheastar gur rogha inmharthana é mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Níl sé éifeachtach i gcás sreafaí móra agus dá bhrí sin, ní féidir leis an caighdeán cosanta atá ag teastáil i leith a scéime a bhaint amach.
- In éineacht le bearta eile, bheadh athrú mór i gceist ar úsáid limistéir mhóra de thalamh phríobháideach, agus bheadh comhaontuithe suntasacha le húinéirí talún ag teastáil dá bharr.
- Bheadh sé deacair é a chur i gcrích ar bhonn lóistíochta i dtaca le tógáil agus cothabháil araon go fadtéarmach